



Caibidil 8 Báid Rámhaíochta

Tá báid rámhaíochta sa ‘Stíl Oilimpeach’, curacháin agus coití rásaíochta agus curacha traidisiúnta rásaíochta san áireamh sa Rámhaíocht.

8.1 Oiliúint

Moltar go bhfaigheann rámhaithe oiliúint fheiliúnach. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa lena n-áirítear Cumann Rámhaíochta na hÉireann (féach ar Aguisín 9 le tuilleadh sonraí a fháil faoi na soláthraithe cúrsaí).

8.2 Báid rámhaíochta de stíl oilimpeach

Úsáidtear na báid seo sna himeachtaí rámhaíochta sna Cluichí Oilimpeacha agus tá Cumann Rámhaíochta na hÉireann á rialú in Éirinn. Ní mór cloí leis na pointí sábháilteachta seo i gcónaí.

Ní mór oiliúnoir agus/nó bád sábháilteachta a bheith i láthair i gcónaí. Ní mór do na cáilíochtaí cuí a bheith ag lucht láimhseála báid sábháilteachta dá leithéid agus ba chóir marcanna nó bratacha rabhaidh a bheith ar na báid mar fhógra d’árthaí eile sa cheantar go bhfuil báid rámhaíochta san uisce.

Ba chóir go mbeadh na míreanna trealaimh seo a leanas á n-iompar ag an oiliúnoir nó ag an mbád sábháilteachta:

- Taoscaire oiriúnach
- Caidéal inséidte oiriúnach – má tá

bád inséidte á úsáid mar bhád tarrthála

- Mála caithimh le 10 m ar a laghad de líne snámhach
- Fearas chun comhartha fuaime a dhéanamh – bonnán le cumhacht aeir nó aerasóil
- Blaincéid nochtadh teirmeach
- Baoithe tarrthála nó GSP/seaicéid tarrthála breise chun cuidiú le daoine san uisce
- Trealamh Garchabhrach Oiriúnach
- Ancaire agus líne
- Scian
- Corda múchta innill d’úsáid oibreoir an innill
- Céasla
- Greamáin oiriúnacha láimhe ar thaobh an bháid – chun cabhrú leo siúd atá á dtarrtháil.

Ba chóir do gach duine atá páirteach a bheith ar an eolas faoi na riachtanais atá leagtha síos ag Cumann Rámhaíochta na hÉireann ina Chód Sábháilteachta Uisce.

8.3 Déantús báid agus trealamh

- Ní mór an trealamh rámhaíochta uile a choinneáil i ndea-ord agus cigireacht rialta a dhéanamh air.
- Ní foláir urranna snámhachta atá suite i dtosach agus ar chúl an bháid a iniúchadh lena chinntiú go bhfuil dea-ord orthu agus go bhfeidhmeoidh siad mar ba cheart. Ba chóir báid a láimhseáil go cúramach agus go cuí i gcónaí agus iad lasmuigh den uisce, chun damáiste dá gcabhair nó gortú do chriúna agus do lucht féachana a sheachaint.



- Ba chóir báid a scrúdú nuair a chuirtear san uisce iad sula dtéann an criú ar bord lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte, nach bhfuil uisce a ligean isteach acu agus go bhfuil gach páirt a ghluaiseann ag feidhmiú.
- Caithfidh srianta agus meicníochta mearscaoilte a bheith ag oibriú go maith ar bháid a bhfuil bróga feistithe iontu. Moltar go mbeadh strapáí Velcro seachas iallacha lása ar bhróga socraithe.
- Cinntigh go bhfuil plocóidí aerála socair ina suíomh, agus go bhfuil sclóinte, athchabhlaigh, suíocháin, srl daingnithe.
- Bí cinnte go bhfuil gach gléas stiúrtha ag obair.
- Ba chóir sculanna agus cnaipí rámha a scrúdú lena chinntiú go bhfuil siad daingean agus socraithe i gceart.
- Bíodh lainsí oiliúna san uisce i gcónaí nuair atá áirtheáil rámhaíochta á n-úsáid. Ní mholtar do dhaoine dul amach leo féin gan choimirce agus, má dhéantar é sin, ba chóir go mbeadh duine ainmnithe ar an talamh ar an eolas faoi amanna imeachta, ceann scríbe, agus amanna fillte.
- Ba chóir go mbeadh gach duine atá ag glacadh páirt i ndeá-shláinte, agus ábalta 100 m a shnámh in éadaí éadroma.
- Ba chóir do gach ceann feadhna báid GSP/seaicéad tarthála formheasta a chaitheamh i gcónaí.

Níor cheart báid a úsáid istoiche mura gcloíonn siad le riachtanais na Rialachán Idirnáisiúnta Imbhuaite

maidir le soilse loingseoireachta. Níor chóir báid a úsáid i gcoinníollacha aimsire nó taoide a chuirfeadh isteach ar a saorbhord íseal agus ar a gcobhsaíocht.

Ba chóir do chinn fheadhna, oiliúnóirí agus criúnna a bheith eolach faoi aon dainséar nó baol a d'fhéadfadh éirí as na coinníollacha áitiúla taoide, srutha nó gaoithe atá ann. Nuair atá rásaíocht comórtais ar siúl, caithefear cloí go hiomlán le Cód Sábháilteachta Uisce Cumann Rámhaíochta na hÉireann

8.4 Curacháin rásaíochta cósta/Curacha rásaíochta traidisiúnta

- Ba chóir do chriúnna atá ag rásáil na mbád seo GSP/seaicéid tarrthála a chaitheamh i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh fearais i ngach bád chun aird a tharraingt (Bonnán Aerasóil).

- Níor chóir d'Oiliúnóirí/Criúnna na báid seo a láimhseáil in uiscí atá thar chumas na gcriúnna nó na mbád.
- Ba chóir go mbeadh an trealamh cuí ag báid oiliúna/tarrthála a bheadh ag freastal agus iad á bhfeidhmiú ag oibreoirí inniúla.

8.5 Cumainn Náisiúnta

Is é Cumann Rámhaíochta na hÉireann an bord rialúcháin don rámhaíocht in Éirinn agus déanann sé ionadaíocht ar bhreis is 100 club timpeall na hÉireann (Féach ar Aguisín 10 i gcomhair sonraí teagmhála).

Tá an Cónaidhm Rámhaíochta Chósta na hÉireann mar an gcomhlacht rialála don rámhaíocht chósta in Éirinn (féach ar Aguisín 10 le haghaidh sonraí teagmhála).

